2026/2400

30.10.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/2400 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na bearta le haghaidh Bhanc Thuaidh Lár Mhuir Bhailt a scriosadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(2) agus Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, leagtar síos rialacha ar an leibhéal réigiúnach maidir le bearta maolaithe chun gabhálacha de thaisme de speicis íogaire, lena n-áirítear céiticigh, a laghdú, trí limistéir srianta, tréimhsí agus teorainneacha trealaimh a shonrú.

(2) Le pointe 3.1 de Chuid A d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin, déantar foráil maidir le bearta, a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303 ón gCoimisiún ([2]), chun gabhálacha de thaisme de mhuca mara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt. Áirítear ar na bearta sin, *inter alia*, an limistéar muirí faoi chosaint Banc Thuaidh Lár Mhuir Bhailt (Norra Midsjöbanken) a dhúnadh ar an iascach uile seachas potaí, gaistí éisc agus spiléir.

(3) Le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2019/1241 ceadaítear do na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu moltaí comhpháirteacha a thíolacadh chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a bhaineann le bearta teicniúla réigiúnacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) An 20 Samhain 2025 thíolaic an tSualainn, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Fhionlainn moladh comhpháirteach inar iarradh go n-aisghairfí na bearta a bhfuil feidhm acu maidir le Banc Thuaidh Lár Mhuir Bhailt, ós rud é gur mhol na Ballstáit sin bearta caomhnaithe iascaigh níos déine i moladh comhpháirteach a tíolacadh le haghaidh an limistéir chéanna sin i mí Feabhra 2025, faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(5) Moladh i moladh comhpháirteach mhí Feabhra 2025 toirmeasc a chur ar an iascach uile sa limistéar sin. Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach measúnú dearfach ar na bearta atá beartaithe ag an gCruinniú iomlánach ón 7 go dtí an 11 Iúil 2025 ([4]).

(6) Ós rud é go mbeadh forluí idir na bearta caomhnaithe iascaigh sin atá beartaithe agus go mbeidís ag teacht salach ar na bearta atá faoi láthair faoi phointe 3.1 de Chuid A d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 is infheidhme maidir leis an limistéar céanna, ba cheart, dá bhrí sin, na bearta sin a aisghairm a luaithe a thiocfaidh na bearta caomhnaithe sa limistéar muirí faoi chosaint Norra Midsjöbanken, atá le glacadh faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i bhfeidhm.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt (IO L 46, 25.2.2022, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/303/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

([4]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – an 79ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-25-02), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Scriostar Pointe 3.1 de Chuid A d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 19 Samhain 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN